

Iris Oifigiúil

na gComhphobal Eorpach

An t-eagrán Gaeilge

Achtú

Clár

Cúirt Bhreithiúnais

CÚIRT CHÉADCHÉIME

★ Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach an 6 Iúil 1995 1

Praghas: ECU 6

GA

* Faoin tagairt L 172 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúil an Chomhphobail.

CÚIRT BHREITHIÚNAIS

CÚIRT CHÉADCHÉIME

LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA CHÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH

an 6 Iúil 1995

TÁ CÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint d'Airteagal 168a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

Ag féachaint d'Airteagal 32d den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

Ag féachaint d'Airteagal 140a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh, a síníodh sa Bhruiséil ar an 17 Aibreán 1957, agus go háirithe d'Airteagal 46 de mar atá arna leasú le Cinneadh ón gComhairle an 6 Meitheamh 1995 (IO Uimh. L 131, 15. 6. 1995, lch. 33),

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle 88/591/CEGC, CEE, Euratom an 24 Deireadh Fómhair 1988 ag bunú Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach (IO Uimh. L 319, 25. 11. 1988, lch. 1), mar atá arna leasú le Cinneadh ón gComhairle 93/350/Euratom, CEE, CEE an 8 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 144, 16. 6. 1993, lch. 21) agus Cinneadh ón gComhairle 94/149/CEGC, CE, Euratom an 7 Márta 1994 (IO Uimh. L 66, 10. 3. 1994, lch. 29) agus Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne,

Ag féachaint don chomhaontú na Cúirte Bhreithiúnais,

Ag féachaint don fhormheas d'aon toil ón gComhairle arna thabhairt ar an 6 Meitheamh 1995,

De bhrí nach foláir na hairíonna sonracha atá ag na himeachtaí a bhaineann le maoin intleachtúil a bheidh le héisteacht agus le cinneadh ag an gCúirt Chéadchéime go háirithe de bhun Airteagal 63 de Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 40/94 an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmarc Comhphobail (IO Uimh. L 11, 14. 1. 1994, lch. 1) agus Airteagal 73 de Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2100/94 an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail ar chineálacha plandaí (IO Uimh. L 227, 1. 9. 1994, lch. 1) a thabhairt san áireamh, trí nósanna imeachta speisialta;

De bhrí gur sainghné de réimse na maoine intleachtúla go bhfuil díospóidí idir pháirtithe príobháideacha ag roinnt leis; de bhrí gur gá, dá bhrí sin, rialacha sonracha a ghlacadh maidir le cearta nós imeachta na n-idiragraithe agus leis na teangacha a úsáideann páirtithe príobháideacha le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Chéadchéime i gcomhréir le rialacha ginearálta an Chomhphobail i dtaobh teangacha,

TAR ÉIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear mar a leanas Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach mar atá arna nglacadh ar an 2 Bealtaine 1991 (IO Uimh. L 136, 30. 5. 1991, lch. 1) agus arna leasú ar an 15 Meán Fómhair 1994 (IO Uimh. L 249, 24. 9. 1994, lch. 17), agus ar an 17 Feabhra 1995 (IO Uimh. L 44, 28. 2. 1995, lch. 64):

1. Cuirtear isteach Teideal 4 nua i ndiaidh Airteagal 129 mar a leanas:

*TEIDEAL 4***IMEACHTAÍ A BHAINNEANN LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA***Airteagal 130*

§ 1

Faoi réir fhorálacha speisialta an Teidil seo, beidh forálacha na Rialacha Nós Imeachta seo infheidhme ar imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne na hOifige um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (trád-mharcanna agus dearáí) agus i gcoinne na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (dá ngairtear araon “an Oifig” anseo feasta) agus a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le córas maoinne intleachtúla.

§ 2

Ní bheidh forálacha an Teidil seo infheidhme ar chaingne arna dtionscnamh go díreach i gcoinne na hOifige gan aon réamhimeachtaí os comhair Bord Achomhairc.

Airteagal 131

§ 1

Dréachtófar an t-iarratas sa cheann sin de na teangacha dá bhforáiltear in Airteagal 35 (1) is rogha leis an iarratasóir.

Is í an teanga ina ndréchtaítear an t-iarratas teanga an cháis más é an t-iarratasóir an t-aon pháirtí a bhí sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc nó mura n-agóidfidh páirtí eile sna himeachtaí sin laistigh de thréimhse arna leagan síos chuige sin ag an gCláraitheoir tar éis an t-iarratas a thaisceadh.

Má chuireann na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc i bhfios don Chláraitheoir laistigh den tréimhse sin a gcomhaontú maidir leis an gceann sin de na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 35 (1) is rogha leo mar theanga an cháis, is í an teanga sin teanga an cháis os comhair na Cúirte Céadchéime.

Má dhéantar agóid maidir leis an teanga a thogh an t-iarratasóir mar theanga an cháis laistigh den tréimhse dá dtagraítear anseo thuas agus mura dtagann na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhord

Achomhairc ar comhaontú ar an ábhar sin, is í teanga an cháis an teanga ina ndearnadh an t-iarratas ar chlárú atá i gceist a thaisceadh san Oifig. Ar a shon sin, má shuíonn an t-Uachtarán, ar iarratas réasúnaithe a fháil ó aon pháirtí agus tar éis dó na páirtithe eile a éisteacht, nach gcuirfeadh úsáid na teanga sin ar chumas na bpáirtithe uile sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc na himeachtaí a leanúint agus a leasanna a chosaint agus nach bhfuil de réiteach ar an gcor sin ach teanga eile de chuid na dteangacha a luaitear in Airteagal 35 (1) a úsáid, féadfaidh sé an teanga eile sin a chinneadh mar theanga an cháis; féadfaidh an t-Uachtarán an t-ábhar a chur faoi bhráid na Cúirte Céadchéime.

§ 3

Sna pléadálacha agus sna doiciméid eile arna seoladh chuig an gCúirt Chéadchéime agus le linn na n-imeachtaí ó bhéal, féadfaidh an t-iarratasóir an teanga a thogh sé i gcomhréir le mír 1 a úsáid agus féadfaidh gach páirtí eile an ceann sin de na teangacha a luaitear in Airteagal 35 (1) is rogha leis a úsáid.

§ 4

Má tharlaíonn, de bhun mhír 2, gurb í teanga an cháis teanga seachas an teanga ina ndearnadh an t-iarratas a dhréachtú, féachfaidh an Cláraitheoir chuige go gcuirfeadh aistriúchán ar fáil i dteanga an cháis.

Beidh ar gach páirtí, laistigh de thréimhse réasúnta arna forordú chun na críche sin ag an gCláraitheoir, aistriúchán a thabhairt ar aird i dteanga an cháis de na pléadálacha nó na doiciméid amach ón iarratas arna dtaisceadh aige i dteanga seachas teanga an cháis de bhun mhír 3. Deimhneoidh an páirtí a thugann an t-aistriúchán ar aird go bhfuil sé cruinn agus beidh sé ina theacs barántúil de réir bhrí Airteagal 37. Mura dtugtar an t-aistriúchán ar aird laistigh den tréimhse a fhorordaítear, bainfeadh an phléadáil nó an doiciméad níos imeachta i gceist as an gcomhad.

Féachfaidh an Cláraitheoir chuige go ndéanfar gach a ndeirtear le linn na n-imeachtaí ó bhéal a aistriú go teanga an cháis agus, arna iarraidh sin ag aon pháirtí, go teanga a d’úsáid an páirtí sin i gcomhréir le mír 3.

Airteagal 132

§ 1

Gan dochar d'Airteagal 44, tabharfar san iarratas ainmneacha na bpáirtithe uile sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc agus na seoltaí a thug siad chun críocha na bhfógraí atá le tabhairt le linn na n-imeachtaí sin.

Beidh an cinneadh ón mBord Achomhairc a chonspóidtear i gceangal leis an iarratas. Ní foláir an dáta a cuireadh an cinneadh sin in iúl don iarratasóir a lua.

§ 2

Mura bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le mír 1, beidh Airteagal 44 (6) infheidhme.

Airteagal 133

§ 1

Cuirfidh an Cláráitheoir i bhfios don Oifig agus do na páirtithe uile san himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc go ndearnadh an t-iarratas a thaisceadh. Féachfaidh sé chuige go ndéanfar an t-iarratas a sheirbheáil tar éis teanga an cháis a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 131 (2).

§ 2

Seirbheálfar an t-iarratas ar an Oifig mar chosantóir agus ar na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc amach ón iarratasóir. Déanfar an tseirbheáil i dteanga an cháis.

Déanfar an t-iarratas a sheirbheáil ar pháirtí sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc tríd an bpost cláraithe, maille le foirm admhála, ag an seoladh a thug an páirtí i dtrácht chun críocha na bhfógraí atá le déanamh san himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc.

§ 3

A luaithe a bheidh an t-iarratas seirbheáilte, seolfaidh an Oifig chuig an gCúirt Chéadchéime an comhad a bhaineann leis na himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc.

Airteagal 134

§ 1

Féadfaidh na páirtithe sna himeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc, amach ón iarratasóir, páirt a

ghlacadh mar idiragraithe sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime.

§ 2

Beidh ag na hidiragraithe dá dtagraítear i mír 1 na cearta céanna nós imeachta agus atá ag na príomhpháirtithe.

Féadfaidh siad tacú leis an bhfoirm ordaithe atá á lorg ag príomhpháirtí agus féadfaidh siad foirm ordaithe a iarraidh agus pléadálacha dlí a nochtadh atá neamhspleách orthu siúd atá á n-iarraidh agus á nochtadh ag na príomhpháirtithe.

§ 3

Féadfaidh idiragraí, dá dtagraítear i mír 1, ina fhrithaighneacht arna taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 135 (1), ordú a lorg ag neamhniú nó ag athrú bhreith an Bhord Achomhairc ar phointe nár tarraingíodh anuas san iarratas agus pléadálacha dlí a nochtadh nár tarraingíodh anuas san iarratas.

Scoirfidh na haighneachtaí sin ag iarraidh orduithe nó ag nochtadh pléadálacha dlí de chuid an idiragraí d'éifeacht a bheith leo má scoireann an t-iarratasóir d'imeachtaí.

§ 4

De mhaolú ar Airteagal 122, ní bheidh an nós imeachta mainneachtana infheidhme nuair atá an t-idiragraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo tar éis freagra a thabhairt don iarratas san fhoirm agus laistigh de na tréimhsí a fhorordaítear.

Airteagal 135

§ 1

Féadfaidh an Oifig agus na hidiragraithe dá dtagraítear in Airteagal 134 (1) frithaighneachtaí a thíolacadh maidir leis an iarratas laistigh de thréimhse dhá mhí ó dháta an iarratais a sheirbheáil.

Beidh Airteagal 46 infheidhme ar na frithaighneachtaí.

§ 2

Féadfar an t-iarratas agus na frithaighneachtaí a fhorlíonadh le freagraí agus le hathfhreagraí ó na páirtithe, lena n-áirítear na hidiragraithe dá dtagraítear in Airteagal 134 (1), más deimhin leis an Uachtarán, ar iarrats réasúnaithe a dhéantar laistigh de dhá sheachtain ó dháta na bhfreagraí nó na n-athfhreagraí a sheirbheáil, go bhfuil gá le tuilleadh pléadála den sórt sin, agus má cheadaíonn sé é chun a chur ar chumas an pháirtí lena mbaineann a dhearcadh a nochtadh.

Forordóidh an t-Uachtarán an tréimhse 'inar gá na pléadálacha sin a thíolacadh.

Airteagal 135

§ 1

Má éiríonn le caingean i gcoinne breithe ó Bhord Achomhairc, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime a ordú don Oifig gan ach a costais féin a íoc.

§ 3

Gan dochar dá bhfuil roimhe seo, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 134 (3) féadfaidh na páirtithe eile, laistigh de dhá mhí ó dháta an fhreagra a sheirbheáil, pléadáil a thíolacadh nach bhfuil inti ach freagra ar an bhfoirm ordaithe atá á lorg agus ar na pléadálacha dlí arna dtíolacadh don chéad uair i bhfreagra ó idiragraí. Féadfaidh an tUachtarán an tréimhse sin a fhadú ar iarratas réasúnaithe a fháil ón bpáirtí lena mbaineann.

§ 2

Costais arna dtabhú ag na páirtithe de riachtanas chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc agus costais arna dtabhú chun críocha aistriúcháin ar phléadálacha nó aon doiciméid eile go teanga an cháis a thabhairt ar aird a fhorordaítear in Airteagal 131 (4), measfar gur costais inghnóthaithe iad.

§ 4

Ní fhéadfaidh pléadálacha na bpáirtithe ábhar na n-imeachtaí os comhair an Bhord Achomhairc a athrú.

Má thugtar aistriúcháin neamhchruinne ar aird, beidh an dara fómhír d'Airteagal 87 (3) infheidhme.'

2. Déantar Airteagal 137 d'Airteagal 130.

Airteagal 2

Déanfar na leasuithe ar na Rialacha seo, atá barántúil sna teangacha atá luaite in Airteagal 35 (1), a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí ó dháta a bhfoilsithe.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 6 Iúil 1995.

An Cláraitheoir
H. JUNG

An tUachtarán
J. L. CRUZ VILAÇA